
Eisithe ag *Leabhair*COMHAR
30/04/2026

**Preasráiteas**

**Leabhar nua *Bilal agus Cócó* scríofa ag Áine Uí Fhoghlú,**
**maisithe ag Serena Scully**
**foilsithe ag *Leabhair*COMHAR**




Is cúis mhór mórtais í do *Leabhair*COMHAR go bhfuil leabhar nua do léitheoirí óga, *Bilal agus Cócó*, foilsithe agus ar fáil anois don phobal.

Úrscéal do pháistí 10-14 é seo faoi Bilal, buachaill dhá bhliain déag d'aois. Tá a dheirfiúr Salma sé bliana d'aois. Mohammed is ainm dá Dhaidí agus Mariam is ainm dá Mhamaí. Is as an bPalaistín dóibh agus tá cónaí orthu go sealadach in Óstán an Chaisleáin, Baile Átha Cliath, Éire.

Agus é ar an mbealach abhaile ón scoil lá, tagann Bilal ar phuisín beag gleoite a chaith duine éigin sa bhruscar. Déannann sé í a tharrtháil, ach ní cheadaítear ainmhithe san óstán, agus faigheann Bilal amach nach bhfuil sé éasca puisín beag a choimeád faoi rún i seomra óstáin! Beidh ar Bilal teacht ar phlean chun a chinntiú nach gcaillfidh sé a dhlúthchara nua.

Tugann léaráidí snasta Serena Scully beocht bhreise do charachtair an leabhair.

Dúirt Áine Uí Fhoglú, údar an leabhair, *'Tá súil agam go mbainfidh daoine óga taitneamh agus compord as an scéilín seascair seo agus go léireoidh eachtra Bilal agus Cócó dóibh gur féidir leis an ngrá agus an misneach bláthú san áit is lú a mbeadh súil leis. Nuair a fheicimid mar a roghnaíonn buachaill gan dídean agus puisín tréigthe a chéile mar chairde agus go n-éiríonn sonas as cruatan na beirte, tuigimid go bhfuil sé de chumhacht a leithéid de chaidreamh simplí baic mhóra an tsaoil a shárú.'*

Cuirtear ceisteanna tábhachtacha ár linne i láthair sa leabhar seo, amhail an easpa dídine agus an inimirce, ach ar bhealach tuisceanach agus atá oiriúnach don aoisghrúpa. Tugtar spléachadh don léitheoir freisin ar an gcultúr Meánoirthearach, agus tagairtí sa scéal do na nósanna agus na traidisiúin a bhaineann leis an bhFéile *Eid*. Thar aon ní eile, is scéal lán le croí é seo a mheabhraíonn dúinn an tábhacht a bhaineann le cineáltas agus cairdeas.

*'Scéal lán dóchas atá sa leabhar seo,'* a dúirt Deirdre Ní Fhloinn, Feidhmeannach Foilsitheoireachta *Leabhair*COMHAR. *'Cé go bpléitear le téamaí tromchúiseacha, meabhraítear dúinn gur mór an cuidiú iad an cineáltas agus an grá nuair atá daoine (agus ainmhithe!) i gcruachás. Táim cinnte go mbainfidh léitheoirí óga taitneamh as an scéal an-speisialta seo.'*

Bhuaigh leagan den scéal seo duais ag Comórtais Liteartha an Oireachtais, 2023.
Beidh Áine Uí Fhoghlú i mbun imeacht scoile bunaithe ar an leabhar seo i Leabharlann Dhún Garbháin ag 11am ar 6 Bealtaine.

**CRÍOCH**

Tuilleadh eolais: [leabhaircomhar@comhar.ie](mailto:leabhaircomhar@comhar.ie) / (01) 675 1922 / [www.comhar.ie/leabhair](http://www.comhar.ie/leabhair)

*Leabhair*COMHAR Foras na Gaeilge the arts council an chomhairle ealaíon cistiú litríocht

Eisithe ag *Leabhair*COMHAR
30/04/2026

**Eolas don eagarthóir:**

An leabhar:
Teideal: *Bilal agus Cócó*
Údar: Áine Uí Fhoghlú
Maisitheoir: Serena Scully
ISBN: 978-1-918127-01-0
€12
Dáta foilsithe: Márta 2026
Foilsitheoir: *Leabhair*COMHAR

Ar fáil le ceannach ó https://comhar.ie/leabhair/bilal-agus-coco/ agus ón Siopa Leabhar (Conradh na Gaeilge). Más díoltóir leabhar tú, déan teagmháil linn ag oifig@comhar.ie nó leis an dáileoir leabhar ÁIS (ais@forasnagaeilge.ie).

An t-údar:
As Gaeltacht na Rinne i gCo. Phort Láirge d'Áine Uí Fhoghlú. Scríbhneoir ficsin agus file í a bhfuil dhá scéal don fhoghlaimeoir fásta foilsithe aici agus cúig chnuasach filíochta. Bhailigh agus thaifead sí cnuasach béaloidis as Gaeltacht na nDéise, a foilsíodh mar leabhar. Seo é an cúigiú scéal do dhéagóirí atá foilsithe aici. Tá go leor duaiseanna scríbhneoireachta buaite aici, lena n-áirítear gradaim ó Oireachtas na Gaeilge, Seachtain na Scríbhneoirí, Lios Tuathail, Féile Bhéal na mBuillí, Gradam Michael Hartnett, Comhaltacht Kavanagh, Gradam Markievicz.

An maisitheoir:
Is dearthóir agus maisitheoir as Baile Átha Cliath í Serena Scully atá anois ina cónaí sa tSualainn. Déanann Serena maisiú ar scéalta a dhéanann ceiliúradh ar áilleacht an dúlra agus a chuireann téamaí amhail an inbhuanaitheacht agus an éagsúlacht chun cinn.

COMHAR:
Príomhfhoilsitheoir náisiúnta na Gaeilge is ea COMHAR, atá i mbun ghnó na foilsitheoireachta ó 1942 i leith.

I measc na dtograí atá faoi chúram COMHAR tá
- *Comhar* - iris mhíosúil na Gaeilge,
- *Leabhair*COMHAR - inphrionta foilsitheoireachta leabhar,
- COMHAR*Taighde* - iris acadúil phiarmheasta bhliantúil.

Tá COMHAR buíoch de Fhoras na Gaeilge, de Chlár na Leabhar Gaeilge, den Chomhairle Ealaíon agus d'Acadamh Ríoga na hÉireann as a dtacaíocht leanúnach sna tograí seo.

*Leabhair*COMHAR:
Bunaíodh an t-inphrionta foilsitheoireachta *Leabhair*COMHAR athuair in 2009 chun nualitríocht agus nuascríbhneoireacht na Gaeilge a fhorbairt, chomh maith le rogha den scoth de scríbhneoirí agus ábhair a chur ar fáil. Tá sé mar aidhm ag COMHAR mar eagraíocht scríbhneoirí úra a earcú agus a chothú ar bhonn leanúnach.

Tuilleadh eolais: comhar.ie/eolas

*Leabhair*COMHAR Foras na Gaeilge the arts council an chomhairle ealaíon cistiú litríocht